

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara – Dréachtráiteas Straitéise

2011-2013

Clár Ábhair

Cuid 1: Intreoir	3
Cuid 2: Cé Muid	4
Freagrachtaí	5
Misean.....	6
Fís	6
Luachanna	6
Cuid 3: Timpeallacht Oibriúcháin	7
An Timpeallacht Rialála	7
Timpeallacht Pholaitiúil.....	8
Timpeallacht Theicneolaíoch	8
Timpeallacht Eacnamaíoch	9
Cuid 4: Caidrimh Straitéiseacha	10
Cuid 5: Bainistiú Riosca Eagraíochtúil.....	13
Cuid 6: Cuspóirí Straitéiseacha.....	14
Cuspóir 1:	15
Cuspóir 2:	16
Cuspóir 3:	17
Cuspóir 4:	18
Cuspóir 5:	19
Cuid 7: Meastóireacht & Athbhreithniú	20

Cuid 1: Intreoir

Oibríonn an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) leis an Tionscal Bia Mara agus le comhpháirtithe eile le cultúr comhlíonta a chur chun cinn leis an reachtaíocht ar fud ár réimse sainchúraim. Ó bunaíodh muid i 2007, tá feasacht agus léirthuisctint mhéadaithe le sonrú maidir leis an leas a bhaineann le comhlíonadh, rud a léirítear i dtionscnaimh, leithéidí conclúidí na gcomhaontuithe sin a sholáthraíonn rochtain ar mhargaí Tríú Tír agus baint amach ó thaobh an tionscail iascaireachta de chreidiúnaithe a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear Deimhniú na Comhairle um Mhaoirseacht Mhara (CMM) do roinnt iascach.

Is ann fós, áfach, do dhúshlán maidir le coinneáil le cuspóir an chomhlíonta, lena n-áirítear farasbarr an toillidh iomláin iascaireachta AE laistigh d'uisce an AE agus an easpa faisnéise soiléire faoi leithdháileadh cuóta árthaigh aonair agus gabhála le hais na mBallstát (BS) eile. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an mbraistint atá ann go ndéantar forfheidhmiú neamhchothrom ar dhlí na n-iascach mara agus na sábháilteachta bia ar fud na BS, le rialú aonchineálach agus cóir iascaigh ar fad na hEorpa a chinntiú. Chuige sin beidh tabhairt isteach leabhar loinge leictreonach (CLTT) ina mhórchéim chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Léiríonn na cuspóirí straitéiseacha atá aitheanta againn do na trí bliana atá amach romhainn, léiríonn siad uailmhian agus rún an Údaráis ár sainchúram a chur i gcrích i dtimpeallacht atá dúshlánach agus neamhchinnte. Is gné ríthábhachtach den chothabháil rochtana ar na margaí easpórtála é cur i bhfeidhm córais rialaithe éifeachtaigh agus inchreidte, chomh maith le cothabháil mhargaí bhia mhara dhúchasaigh atá bríomhar. Táimid ag súil le bheith ag obair le agus ag tacú le hearnáil bhia mhara atá tiomanta don iascaireacht fhreagrach agus don táirgeadh bia shábháilte.



Peter Whelan

Cathaoirleach

Cuid 2: Cé Muid

Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) i 2007 mar Údarás Rialála Neamhspleách, ag feidhmiú ar son leas an phobail agus é freagrach don Chomhchoiste Oireachtais um Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia. Chomh maith leis an gceannoifig i gCloch na Coillte feidhmíonn ÚCIM trí mheán líonra oifigí réigiúnacha atá suite cóngarach do phríomhphoirt iascaireachta na hÉireann. Ós rud é go mbíonn an tionscal iascaireachta ag feidhmiú ar bhonn 24 uair an chloig 7 lá in aghaidh na seachtaine, feidhmíonn an ÚCIM córas rialaithe agus forfheidhmithe lá agus oíche le soláthar rialála éifeachtaí agus inchreidte a chinntiú.

Is é an ÚCIM Údarás Inniúil na hÉireann d'fhorfheidhmiú reachtaíochta cosanta iascach mara agus is Gníomhaireacht Oifigiúil de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) d'fhorfheidhmiú reachtaíochta sábháilteachta bia san earnáil, suas le díolacháin an ionaid díola, ach gan iad a bheith san áireamh.

Soláthraíonn an ÚCIM comhairle agus tacaíocht theicniúil freisin don Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (An tAire), don Choiste Comhairleach um Chosaint na nIascach Mara, do chomhpháirtithe rialaithe, d'eagraíochtaí eile Stáit, don phobal i gcoitinne agus do dhreamanna eile faoi iascaigh mhara agus faoi chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht bhia.

Le cultúr comhlíonta leis an reachtaíocht Náisiúnta agus AE a chothú, déantar iniúchadh rialta ar ghabhálacha peiligeacha, grinnill, domhainmhara agus sliogéisc ag árthaí Éireannacha, de chuid an AE agus ó Thríú Tíortha ag an ÚCIM i bpoirt na hÉireann. Déantar measúnú ar an ngabháil, ar na taifid iascaireachta agus ar na doiciméid ag Oifigigh Cosanta na nIascach Mara (OCIM). Tugtar faoi chros-seiceálacha riaracháin, lena n-áirítear sonraí an Chórais Fhaireacháin Árthaigh (CFÁ), sonraí bileoige loga, taifid na nótaí díola agus doiciméid iompair go rialta freisin. Ina theannta sin, deimhníonn iniúchtaí an ÚCIM comhlíonadh le bearta teicniúla caomhnaithe eile de chuid an AE, lena n-áirítear bearta le héisc sceathraí agus le héisc óga a chosaint chomh maith leis na bearta caomhnaithe sin a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn le comhlíonadh a chinntiú le raon reachtaíochta Cosanta Comhshaoil. Tugann na OCIM faoi raon clár iniúchta ar muir freisin, lena n-áirítear patróil cois cladaigh i gcomhar leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus comhphatróil leis na húdaráis iniúla ó BS eile a bhíonn ag feidhmiú in uiscí na hÉireann agus in uiscí BS eile.

Mar chuid d'ár sainchúram Sábháilteachta Bia cuireann an ÚCIM iniúchtaí faofa i gcrích, déanann siad iniúchadh ar ghnólachtaí bia (árthaí san áireamh) san earnáil bhia mhara ar bhonn measúnaithe riosca le measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh le reachtaíocht sábháilteachta bia Náisiúnta agus Eorpach. Cuireann an ÚCIM an Clár Náisiúnta Faireacháin agus Aicmithe Micribhitheolaíoch do limistéir tháirgthe sliogéisc i bhfeidhm chomh maith leis an gClár Náisiúnta Faireacháin Bhiotocsaine Muirí i gcomhar leis an gCoiste Sábháilteachta Sliogéisc Mhoileascaigh (CSSM).

Tá cur i bhfeidhm éifeachtach na rialuithe oifigiúla sábháilteachta bia bunriachtanach do chosaint leas na Sláinte Poiblí agus na dtomhaltóirí agus tá sé ríthábhachtach freisin le rochtain a chothabháil do mhargaí tábhachtacha ó thríú tíortha, an tSeapáin agus Cónaidhm na Rúise san áireamh.

Freagrachtaí

Leagtar síos sainchúram an ÚCIM in Alt 43 den Acht um na hIascaigh Mhara agus um Dhlínse Muirí 2006, a shainordaíonn príomhfheidhmeanna an Údaráis mar seo a leanas:

- le forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na ndlíthe iascaigh mhara agus sábháilteachta bia a chinntiú,
- le comhlíonadh a chothú leis na dlíthe iascaigh mhara agus sábháilteachta bia agus sárúithe na ndlíthe céanna a dhíspreagadh,
- sárúithe na ndlíthe iascaigh mhara agus sábháilteachta bia a bhraith,
- le faisnéis a sholáthar d'earnálacha na n-iascach mara agus na sábháilteachta bia agus faoi cheisteanna ábhartha atá laistigh de shainchúram an Údaráis trí mheán an Choiste Chomhairligh nó trí aon mheán eile a mheasann sé a bheith oiriúnach,
- le comhairle a thabhairt don Aire maidir le polasaí faoi chur i bhfeidhm éifeachtach na ndlíthe iascaigh mhara agus sábháilteachta bia,
- le cabhair agus faisnéis a sholáthar don Aire maidir le sainchúram an Údaráis,
- le sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir leis na hiascaigh mhara agus leis an tsábháilteacht bhia de réir mar a éilítear ag an Aire agus faoi dhlí an Chomhphobail,
- ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát, nó cabhrú le hionadaíocht an Stáit ag fóraim náisiúnta, Comhphobail agus idirnáisiúnta de réir mar a iarrtar sin ag an Aire,
- tabhairt faoi aon ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis de réir mar a dhéantar iad a fhaomhadh ag an Aire.

Misean

Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara tiomanta do rialáil éifeachtach agus chothrom na n-earnálacha iascaireachta mara agus bia mhara atá laistigh d'ár sainchúram. Cuimsíonn sin gach ártach iascaireachta a fheidhmíonn laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, áirthe iascaireachta na hÉireann is cuma cén áit ina bhfuil siad ag feidhmiú, agus gach cineál bia mhara a tháirgtear in Éirinn, is cuma cén áit a ndéantar margaíocht air.

Fís

Is í fís an ÚCIM ná tionscal bia mara Éireannach a bhfuil clú agus cáil air go hidirnáisiúnta as táirgeadh agus as soláthar bia mhara atá sábháilte agus atá inbhuanaithe, iad ag gabháil éisc nó ag déanamh feirmeoireachta éisc in uisce ina gcaitear le gach duine go cothrom.

Luachanna

Is iad na luachanna a bhuntacaíonn le misean agus le fís an ÚCIM ná:

Comhoibriú	Oibreoidh ÚCIM le huas-seachadadh seirbhíse a chinntiú trí chomhar agus trí chomhordú éifeachtacha na ngníomhaíochtaí lenár gcuid Comhpháirtithe Rialaithe ar fad.
Comhar	Aithníonn ÚCIM an tábhacht a bhaineann le glacadh le cur chuige comhoibríoch leis na páirtithe leasmhara lena mhisean a bhaint amach
Éifeachtacht	Tá ÚCIM tiomanta do chinntiú go bhfaighfear an Luach Airgid is fearr is féidir a fháil agus é ag úsáid acmhainní.
Cothromas	Seasann ÚCIM le córas rialála a chuirtear i bhfeidhm go héifeachtach agus go cothrom ar fud na mBallstát ar fad.
Sármhaitheas	Cuimsíonn ÚCIM an tóir ar an sármhaitheas ina straitéis, a chuid oibriúcháin agus ina fhoireann.
Cothroime	Tá ÚCIM tiomanta d'fhorfheidhmiú na reachtaíochta sin ar cuireadh mar chúram orainn í, ar bhealach atá comhsheasmhach, comhréireach, trédhearcach agus gairmiúil.
Meas	Glacann ÚCIM le dearcadh measa inár gcuid gníomhaíochtaí ar fad agus bíonn sé ag súil leis an rud céanna; meas ar ár gcuid acmhainní nádúrtha, ar ár gcuid dlíthe, ar ár gcuid páirtithe leasmhara agus ar ár bhfoireann.

Cuid 3: Timpeallacht Oibriúcháin

Is í buntréith na timpeallachta oibriúcháin ná an neamhchinnteacht, agus sin an comhthéacs inar ceapadh an straitéis seo. Agus muid ag tabhairt aghaidhe ar 2011, tá dúshlán shuntasacha roimh Éirinn ar fud gach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear brú anuas leanúnach ar acmhainní na hearnála poiblí. Forchuireann an Plean Téarnaimh Náisiúnta brúnna suntasacha breise ar acmhainní an ÚCIM atá ag feidhmiú cheana féin i dtimpeallacht sriantachtaí buiséadacha, lena n-áirítear moratóir ar earcú agus ar ardú céime. Tá ÚCIM ag coinne leis go ndéanfar teannáil bhreise ar acmhainní, rud a chruthóidh dúshlán shuntasacha do bhainistiú na heagraíochta agus do sheachadadh na seirbhísí.

An Timpeallacht Rialála

Feidhmíonn ÚCIM laistigh de chomhthéacs casta dlíthiúil agus rialála náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. Gabhann leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI) corpas casta reachtaíochta a bhíonn de shíor ag athrú; déantar athbhreithniú leanúnach agus leasú go minic ar stádas stoc áirithe agus soláthar/críochghlacadh chuótaí éagsúla. De thoradh air sin ní mór coigeartú rialta a dhéanamh ar an gcóras Náisiúnta rialála do Bhainistiú na nIascach freisin. Le linn saolré na straitéise seo is dócha go ndéanfar athstruchtúrú bunúsach ar phríomheilimintí de chuid creatlaí reachtaíochta iascaigh an AE.

Tá reachtaíocht agus caighdeáin sábháilteachta bia faoi réir freisin ag athbhreithniú agus ag coigeartú leanúnacha, ag cur san áireamh na bagairtí sin a thagann chun cinn maidir leis an tsláinte phoiblí nó taithí ar theagmhais bhia.

Chomh maith le cur i bhfeidhm na reachtaíochta tá iachall ar ÚCIM féin raon leathan dualgas dlíthiúil agus oibriúcháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na dualgais sin a leagtar síos ag Cód Cleachtais na Ranna Airgeadais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus ról maoirseachta gníomhaireachta na Ranna Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, in éineacht le riachtanais tuairiscithe shonraí, a leagtar síos ag gníomhaireachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus riachtanais seirbhíse a gcuirtear síos orthu i reachtaíocht Sábháilteachta Bia na hEorpa dualgais dhlíthiúla ar ÚCIM, agus is amhlaidh do bhreithnithe bunriachtanacha eile, lena n-áirítear cosaint sonraí, dualgais Sláinte agus Sábháilteachta, dlí Fostaíochta agus an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

Le seirbhís éifeachtach fhreagrúil, ghairmiúil a sholáthar sa timpeallacht seo a bhíonn de shíor ag athrú, teastaíonn infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt na foirne ar fad, le

hardchaighdeáin seachadta sheirbhíse a chothabháil, agus soláthar comhairle dlíthiúla saineolaí le cinntiú go gcloítear leis na riachtanais dhlíthiúla.

Timpeallacht Pholaitiúil

Comhdhéanann na huiscí saibhre iascaireachta as a bhfuil Éire freagrach acmhainn fhíorluachmhar, rud a chiallaíonn go bhfuil suíomh tábhachtach straitéiseach i gceist d'Éirinn maidir le cur i bhfeidhm bheartas iascaireachta an AE. Soláthraíonn na huiscí seo deiseanna tábhachtacha iascaireachta d'árthaí iascaireachta ó Bhallstáit agus ó Thríú Tíortha eile chomh maith le hiascairí Éireannacha.

Is é atá sa CBI ná creatlach dhlíthiúil an Aontais Eorpaigh do bhainistiú iascach agus do bharshaothraithe agus é mar chuspóir saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní muirí a chinntiú. Tá uirlis na nGabhálacha Iomlána Is Incheadaithe (GII) ar cheann de na príomhuirlisí i gcónaí a úsáidtear do bhainistiú na n-iascach agus socraítear iad gach bliain ag Comhairle na nAirí Iascach, bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus ar cheisteanna ábhartha eile. Déantar na GII seo a leithdháileadh ar gach BS de réir phrionsabal na Cobhsaíochta Coibhneasta a chinntiú go bhfaigheann gach tír céatadán áirithe den GII iomlán.

Feidhmíonn ÚCIM laistigh de thimpeallacht pholasaí de chóras CBI a leithdháileann deiseanna gabhála ar BS eile laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann. Ní mór don ÚCIM aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo: cinntiú go ndéantar saothrú dlíthiúil ar na deiseanna iascaireachta a chuirtear ar fáil.

Timpeallacht Theicneolaíoch

Éascaíonn forbairt agus úsáid mhodhanna teicneolaíochta atá ag éirí níos sofaisticiúla do mhonatóireacht, do rialú agus d'fhaireachas na ngníomhaíochtaí iascaigh cur chuige níos dírithe agus nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna do rialáil éifeachtach na ngníomhaíochta iascaireachta ar muir.

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm go héifeachtach córais nua TEC, lena n-áirítear Córais Leictreonacha Tuairiscithe Taifeadta (CLTT) éigeantacha ar bord, agus córais bhunriachtanacha bhainistithe shonraí le cur ar chumas an ÚCIM a chuid dualgas Náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Beidh úsáid chóras leictreonach tuairisceoireachta ina chabhair le cinntiú go mbíonn sonraí cruinne suas-chun-dáta ar fáil do lucht bainistithe ár gcuid teorainneacha leithdháilte gabhála.

Cumasaíonn úsáid chumarsáidí atá bunaithe ar an Idirlíon scaipeadh faisnéise atá níos éifeachtaí ó thaobh costais de agus atá níos forleithne ar bhealach tráthúil agus inrochtana. Tá sé i gceist ag ÚCIM úsáid na gcóras cumarsáide atá bunaithe ar an nGréasán a fhorbairt oiread agus is féidir. Éascaíonn na córais seo gnóthachtáil Chothrom na Féinne freisin do gach loingear iascaireachta a bhíonn ag feidhmiú i LEE na hÉireann. Beidh forbairt teicneolaíochtaí nua faoi réir ag an teorainn mhaoinithe atá ar fáil do na trí bliana atá amach romhainn.

Timpeallacht Eacnamaíoch

Dála a lán tíortha eile, tá geilleagar na hÉireann ag tabhairt faoi thréimhse choigeartaithe shuntasáigh, agus glactar leis go leanfar ar aghaidh le sonrú a chuid éifeachtaí le linn saolré na straitéise seo. Beidh na sriantachtaí ar acmhainní náisiúnta agus na laghduithe iarmhartacha sa mhaoiniú a leithdháiltear ar an ÚCIM ina dhúshlán tromchúiseach don eagraíocht agus í ag iarraidh ár sainchúram a chomhlíonadh.

Cuireann an timpeallacht dhúshlánach mhaicreacnamaíoch seo béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann le tionscail dhúchasacha agus ar an méid atá siad in acmhainn a chabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch náisiúnta agus leis an bhforbairt fhadtéarmach inbhuanaithe. Murab ionann is a lán earnálacha eile, táthar ag súil leis go mbeidh méadú ar ioncam agus ar fhostú in eanáil an bhia mhara le linn saolré na straitéise seo. Tá an forbairt seo bunaithe ar fhócas méadaithe ar uasmhéadú luach na ngabhálacha éisc atá ar fáil, ar mhéadú na gníomhaíochta in eanáil phróiseáil an bhia mhara, ar idirdhealú na háite margaidh agus ar mhéadú leanúnach mhéid táirgeadh an docharshaothraithe.

Teastaíonn tacaí iomadúla ó Ghníomhaireachtaí Stáit agus ó Ranna Rialtais éagsúla le forbairt eacnamaíoch eanáil an bhia mhara a chinntiú agus a chothú. Tá cur i bhfeidhm córais rialála atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach, a chinntíonn go ndéantar éisc Éireannacha a ghabháil go dlíthiúil, nó go ndéantar feirmeoireacht éisc go dlíthiúil, agus go gcuirtear próiseáil iasc Éireannach de réir na gcaighdeán is airde sábháilteachta bia, tá sin uile bunriachtanach le muinín na dtomhaltóirí a chothabháil sa bhaile agus thar lear.

Cuid 4: Caidrimh Straitéiseacha

Bíonn an ÚCIM ag comhoibriú go dlúth le raon comhpháirtithe lenár sainchúram a sheachadadh. Tá sé i gceist againn na caidrimh chriticiúla seo a thógáil agus a chothabháil sa todhchaí le deiseanna a uasmhéadú do chomhar agus do chomhoibriú maidir le seachadadh seirbhíse.

Is páirtí leasmhar tábhachtach í an **Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**, (RTBM), atá freagrach as ceapadh polasaí, as maoirseacht rialachais chorparáidigh, agus as leithdháileadh acmhainní. Ina theannta sin, tugann a lán rannán de chuid RTBM faoi chur i bhfeidhm rialachán a bhfuil i gceist leo idirphlé díreach leis an ÚCIM, m.sh. sábháilteacht bhia, iompórtálacha bia, lena n-áirítear lascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (NNN).

Is é **Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann** (ÚSBÉ) Údarás Lárnach Inniúil Sábháilteachta Bia na hÉireann ar fud an bhiashlabhra ón táirgeadh príomhúil go dtí an tomhaltas. Tugtar sonraí faoi fheidhmeanna an ÚCIM maidir le sábháilteacht bhia i gComhaontú Conartha Sheirbhíse le ÚSBÉ.

Bunaíodh an **Coiste Comhairleach um Chosaint na nIascach** faoi Alt 48 den Acht um na hIascaigh Mhara agus um Dhlínse Muirí 2006 do chuspóirí comhairliúcháin agus tadhaill le hearnálacha na n-iascach mara agus an bhia mhara agus ábhair spéise ábhartha eile do cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis. Comhdhéantar an Coiste Comhairleach as 14 bhall, a cheaptar ag an Aire, a dhéanann ionadaíocht ar eárnálacha na gabhála iascaireachta mara, na hiascaireachta cois cladaigh, phróiseáil an bhia mhara agus an do Bharshaothraithe agus daoine eile a bhfuil taithí mhuirí ábhartha acu.

Is príomhchomhpháirtithe rialaithe iad an **tSeirbhís Chabhlaigh** agus an **tAerchór** i réimse na cosanta iascaigh, a sholáthraíonn seirbhísí iniúchta atá lonnaithe ar muir agus faireachas ón aer sa timpeallacht mhuirí. Tá socruithe i bhfeidhm le roinnt sonraí iascach a chinntiú idir an Lárionad um Mhonatóireacht Iascaigh agus an ÚCIM le cinntiú go ndírítear ar an acmhainn rialaithe atá ar fáil, bunaithe ar leibhéal an riosca. Cinntíonn rannpháirtíocht chomhoibríoch ag an ÚCIM sna patrúil ar muir go bhfaightear an toradh is fearr ó shaineolas atá bunaithe ar tír agus ar muir. Bíonn an ÚCIM ag comhoibriú go dlúth leis an tSeirbhís Chabhlaigh do bhainistiú choinneáil na n-árthaí.

Bíonn an ÚCIM ag comhoibriú go dlúth leis an **nGarda Síochána**, in iniúchtaí feithicle cois bóthair, agus imscrúduithe a bhaineann le hiascaigh. Tugann Oifigigh Cosanta na nIascach Mara faoi ghníomhaíochtaí sonracha forfheidhmithe i gcomhair le baill an Gharda Síochána freisin, go háirithe maidir le coinneáil na n-árthaí iascaireachta.

Díríonn agus stiúraíonn an **Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** (SIP) ionchúisimh phoiblí faoi chásanna maidir le reachtaíocht iascach mara agus tugann sé treoir agus comhairle ghinearálta maidir le cásanna sonraithe.

Is é **Foras na Mara (FM)** gníomhaireacht náisiúnta na hÉireann don Taighde Muirí, don Fhorbairt Teicneolaíochta agus don Nuáil. I réimse na sábháilteachta bia is comhpháirtithe rialaithe iad FM a sholáthraíonn seirbhísí fairsinge anailíseacha agus comhairle eolaíoch. I réimse an rialaithe iascaigh comhoibríonn FM agus ÚCIM i réimse an tsreafa shonraí le dul i bhfeidhm chomh maith agus is féidir ar an taighde eolaíoch.

Tá príomhról le cur i gcrích ag **Bord Iascaigh Mhara** (BIM) le forbairt a dhéanamh ar Thionscal Bia Mara na hÉireann trí shaineolas teicniúil, tacaíocht ghnó, maoiniú agus oiliúint a sholáthar agus trí chothú cleachtais timpeallachta freagraigh. Comhoibríonn ÚCIM agus BIM ar a lán gnéithe éagsúla a théann i bhfeidhm ar an tionscal iascaireachta, lena n-áirítear bainistiú na n-iascach cladaigh, oiliúint tionscail, do Bharshaothrú, teicneolaíocht trealaimh iascaireachta agus staitisticí iascaigh.

Tá sé de chúram ar **Iascach Intíre Éireann** (IIÉ) cosaint agus caomhnú na n-acmhainní iascach a chinntiú in uiscí intíre chomh maith le slatiascaireacht farraige. Comhoibríonn IIÉ agus ÚCIM agus iad ag iarraidh éifeachtacht iomlán na seirbhísí iniúchta stáit a bhaint amach, go sonracha i réimse na n-oibriúcháin rialaithe do na hiascaigh cois cladaigh.

Bíonn ÚCIM ag comhoibriú go dlúth le roinnt **Comhpháirtithe Idirnáisiúnta**, lena n-áirítear Institiúidí Eorpacha agus a gcuid Gníomhaireachtaí a bhfuil príomhról acu in Iascaigh Mara agus sa tSábháilteacht Bhia Mhara. Is í Ard-stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí (**AS SLATÓ**) roinn an Choimisiúin atá freagrach as cinntiú go bhfuil an bia agus na hearraí tomhaltais a dhíoltar san AE sábháilte. Tá a hOifig Bhia agus Tréidliachta (OBT) freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar Údaráis inniúla BS an AE agus thrú tíortha, le cinntiú go bhfuil córais rialaithe riachtanacha i bhfeidhm le

comhlíonadh reachtaíochta sábháilteachta bia an AE a chinntiú. Tá mar chuid dá chuid oibre tacaíocht a fháil ó ghníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia (**EFSA**) a bhfuil príomhról aige maidir le measúnú riosca i dtaca le bia agus sábháilteacht bhia.

Is í Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (**AS GMI**) rannóg an Choimisiúin atá freagrach as cur i bhfeidhm an CBI agus an Bheartais Chomhtháite Mhuirí. Sa ról seo glacann AS GMI páirt leis na BS i roinnt príomhstruchtúr bainistithe iascaigh idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (**CIATT**), an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní Atlantacha (**CICTA**) agus an Ghníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach (**GCRI**).

Cuid 5: Bainistiú Riosca Eagraíochtúil

Mar chuid dá chuid dualgas rialachais chorparáidigh, tá creatlach bhainistithe riosca forbartha ag ÚCIM agus tá próiseas bainistithe riosca á chur i bhfeidhm aige, atá dírithe ar mhaolú agus ar bhainistiú éifeachtacha na bpríomhcheisteanna riosca. I measc na gcatagóirí riosca straitéisigh a dtabharfaidh an tÚdarás aghaidh orthu le linn saolré na straitéise nua tá:

An Ghné Dhlíthiúil agus Rialála – an baol nach ndéanfaidh ÚCIM freastal ar a chuid dualgas dlíthiúil agus rialála mar rialaitheoir/ forfheidhmí reachtaíochta iascaigh agus reachtaíochta gaolmhaire ná nach ndéanfaidh sé iad a sheachadadh, mar phríomhfhoinsé tionchair ina réimse speisialaithe agus mar chomhlachas seirbhíse poiblí atá faoi réir ag dualgais rialachais chód na gcomhlachas stáit, na reachtaíochta fostaíochta, na cosanta sonraí agus dualgais eile.

Gné an chlú – baineann seo le lagú nó le cailteanas clú ÚCIM mar fhorfheidhmí/rialaitheoir éifeachtach nó cailteanas muiníne ó thaobh an tionscail, an Choimisiúin Eorpaigh, an phobail agus na rann Rialtais de maidir le hobair thábhachtach an Údaráis.

An Ghné Idir-Ghníomhaireachta – léiríonn seo cúis imní maidir le hidirghníomhaíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara, cineálacha comhleanúnacha cur chuige agus saincheisteanna leathana. Le go mbeadh ÚCIM éifeachtach ní mór dó caidrimh láidre a chothú leis an tionscal, le gníomhaireachtaí rialtais, le rialaitheoirí eile agus le gach duine a bhfuil comhaontuithe leibhéil seirbhíse i bhfeidhm aige agus/nó meabhráin thuisceana.

An Ghné Pholasaí agus Oibríochtúil – is catagóir leathan í seo a athdheimhníonn an gá atá ann le cinntiú go nglactar le prótacail agus le beartais agus go ndéantar gnáthaimh chaighdeánacha oibríocháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gceart. Is príomhfheidhm laistigh den ÚCIM í gabháil agus bainistiú na faisnéise. Bíonn an tÚdarás ag brath go mór ar acmhainní TEC go himmheánach agus trí RTBM, le tacú lena chuid gníomhaíochtaí agus le forbairtí leanúnacha a éascú.

Gné na nAcmhainní Pearsanra – léiríonn seo cúis imní maidir le leorgacht an fhoirnithe, leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn, go háirithe i gcomhthéacs na dtoirmeasc seirbhíse poiblí agus cailteanas agus dul ar scor príomhbhall foirne.

Gné na nAcmhainní Buiséadacha agus Airgeadais – baineann seo le soláthar agus le leorgacht na mbuiséad le freastal a dhéanamh ar dhualgais ioncaim agus caipitil i gcomhthéacs sheachadadh na seirbhíse éigeantaí agus na n-acmhainní teagmhasachta a theastaíonn.

Cuid 6: Cuspóirí Straitéiseacha

Chuimsigh forbairt an Ráitis Straitéise seo próiseas comhairliúcháin agus pléite, go himheánach agus go seachtrach araon. Déantar cur síos ar phríomhchuspóirí an ÚCIM do na trí bliana 2011 – 2013 ag cúig Chuspóir Straitéiseacha Corparáideacha dár aithníodh raon straitéisí gaolmhara agus táscairí feidhmíochta le cur ar chumas ÚCIM monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar a chuid dul chun cinn maidir lena shainchúram a bhaint amach.

Cuspóir 1. Comhlíonadh a chothú le dlí na n-iascach mara agus sábháilteachta bia agus iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

Cuspóir 2. Dul i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm éifeachtach agus aonchineálach reachtaíocht iascach mara agus sábháilteachta mara Chomhphobal an AE in Éirinn agus i mBallstáit eile.

Cuspóir 3. Optamú a dhéanamh ar úsáid réiteach nua-aoiseacha Faisnéise, Cumarsáide, Teicneolaíochta le héifeachtacht eagraíochtúil agus seachadadh seirbhíse a uasmhéadú.

Cuspóir 4. Feidhmiú mar ghuth údarásach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i bplé agus i socruithe a bhaineann le polasaí agus cur i bhfeidhm éifeachtach an dlí.

Cuspóir 5. Leanúint ar aghaidh le heagraíocht Earnála Poiblí ardfheidhmeach a fhorbairt ina bhfuil daoine éifeachtacha, dírithe, gairmiúla.

Cuspóir 1:

Comhlíonadh a chothú le dlí na n-iascach mara agus sábháilteachta bia agus iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

<u>Straitéisí</u>	<u>Aschuir</u>
1. Socraíonn a fhorbairt a léiríonn feidhmiú comhréireach agus cuí na reachtaíochta	1.1. Athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí Forfheidhmithe an ÚCIM. 1.2. Straitéis Chomhlíonta ÚCIM curtha i bhfeidhm ag ÚCIM agus ag Comhpháirtithe Rialaithe. 1.3. Córais agus prótacail riachtanacha i bhfeidhm le húsáid chomhsheasmhach na mbeart tógála comhlíonta atá ar fáil a éascú. 1.4. Córas éifeachtach rianaitheachta agus athbhreithnithe i bhfeidhm do gach comhad cáis. 1.5. Athbhreithniú débhlíantúil ar gach cineál gníomhaíochta forfheidhmithe.
2. Lucht an tionscail a choimeád ar an eolas faoi gach ceist a bhaineann le dlí iascaigh mara agus sábháilteachta bia agus éisteacht leis an aiseolas sin a thairiscítear.	2.1. Oibriú leis an gCoiste Comhairleach faoi iascach mara agus faoi riachtanais chomhlíonta sábháilteachta bia. 2.2. Táirgeadh Fhógraí Faisnéise Iascaigh (FFI) agus Doiciméad Treorach 2.3. Foilsiú reachtaíochta nua ar shuíomh gréasáin ÚCIM 2.4. Soláthar áitiúil faisnéise agus comhairle do gach oibreoir gnólachta bia. 2.5. Ceardlanna seimineáir oiliúna, agus cruinnithe le grúpaí tionscail aonair
3. Comhordú a dhéanamh ar iniúchadh bunaithe ar riosca agus seirbhísí forfheidhmithe agus é de rún éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhaint amach.	3.1. Pleananna bliantúla agus spriocanna iniúchta bunaithe le comhpháirtithe rialaithe. 3.2. Critéir bunaithe ar riosca bunaithe do ghníomhaíochtaí iniúchta agus comhlíonta 3.3. Imscrúduithe dírithe ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí ard-riosca. 3.4. Cur i gcrích CLS leis an tSeirbhís Chabhlach agus leis na Gardaí 3.5. Obair le IIÉ agus freagrachtaí a shoiléiriú
4. Caighdeáin chuí a chinntiú chomh maith le comhsheasmhacht do chur i gcrích fheidhmeanna rialaithe oifigiúla.	4.1. Dearadh agus cur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Cáilíochta do phríomhphróisis ghnó, lena n-áirítear gnáthaimh ghaolmhara iniúchta inmheánaigh. 4.2. Torthaí iniúchta seachtracha ó AS GMI, AS SLÁTO agus ÚSBE. 4.3. Toradh Cuairteanna Oifigiúla chuig agus ó Gníomhaireachtaí Rialaithe Tríú Tíortha.

Cuspóir 2:

Dul i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm éifeachtach agus aonchineálach reachtaíocht iascach mara agus sábháilteachta mara Chomhphobal an AE in Éirinn agus i mBallstáit eile

<u>Straitéisí</u>	<u>Aschuir</u>
<p>1. Tacú go gníomhach leis an nGníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach maidir le cur i bhfeidhm aonchineálach dhlí na n-iascach mara ar fud an AE.</p>	<p>1.1. Rannpháirtíocht i ngach príomhchruinniú de chuid Bhord Riaracháin GCRI</p> <p>1.2. Rannpháirtíocht i bPleananna Comhimplonaithe le Ballstáit eile.</p> <p>1.3. Obair le GCRI le clár rialaithe a thionscnamh ina bhfuil páirteach gach loingeas a bhíonn ag feidhmiú in uiscí iartharacha agus le comhaontú a bhaint amach ó gach tír a bhfuil áirtheáil dá gcuid ag iascaireacht sa réigiún seo dá dtiomantas le comhlíonadh a chinntiú le riachtanais an CBI.</p>
<p>2. Oibriú le hÚdaráis Inniúla ó BS eile le caighdeán aonchineálach a chothú de Mhonatóireacht, Rialú agus Faireachas (MRF).</p>	<p>2.1. Cruinnithe débhlíantúla le húdaráis rialaithe na Spáinne, na Fraince agus RA le heolas a roinnt faoi MRF agus faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe</p> <p>2.2. Gníomhaíocht amhrasach a dhoiciméadú agus a thuairisciú do na hÚdaráis Rialaithe ábhartha</p> <p>2.3. Iniúchtaí ag OCIM Éireannacha i ndlínsí eile.</p> <p>2.4. Iniúchtaí áirtheáil ag Ballstáit eile in Éirinn</p>
<p>3. Oibriú leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis an Aerchór le rialú na gníomhaíochta iascaireachta i LEE na hÉireann.</p>	<p>3.1. Meastóireacht bunaithe ar riosca de na loingis agus de na hárthaí reatha iascaigh a bhíonn ag feidhmiú ar LEE na hÉireann</p> <p>3.2. Tagarmharcanna iniúchta, a chuimsíonn áirtheáil ar LEE na hÉireann nach dócha go rachaidh siad i dtír in Éirinn</p>
<p>4. Moltaí a dhéanamh don Aire agus don Choimisiún faoi fheabhsuithe ar rialuithe idirnáisiúnta.</p>	<p>4.1. Tuairisciú cásanna mar a bhfuil tús curtha ag imscrúduithe nó mar a n-aithnítear sáruithe reachtaíochta Chomhphobail mar gheall ar anailísí sonraí, sin nó go bhfuil amhras ann faoina leithéid de sháruithe</p> <p>4.2. Tuairiscí faoi aon mháchailí córasacha ina dtagtar ar chórais rialaithe</p>
<p>5. Dul sa tóir ar chur i bhfeidhm éifeachtach agus aonchineálach an chórais CFE ar fud na BS.</p>	<p>5.1. Cur i bhfeidhm eilimintí ÚCIM den tionscadal CFE laistigh d'amlínte comhaontaithe tionscadail</p> <p>5.2. Forbairt chóras le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh faoi chur i bhfeidhm chórais CFE ar fud na mBallstát atá gníomhach ar LEE na hÉireann</p> <p>5.3. Forbairt chóras le huasmhéadú a dhéanamh ar luach rialaithe shonraí CFE.</p>
<p>6. Teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach le cur i bhfeidhm aonchineálach dhlí na sábháilteachta bia a chinntiú.</p>	<p>6.1. Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre teicniúla agus saineolacha a bhaineann le hábhar de chuid an Choimisiúin agus ÚCIM a bhaineann le hábhar d'earnáil an bhia mhara.</p>

Cuspóir 3:

Optamú a dhéanamh ar úsáid chóras nua-aoiseacha faisnéise, cumarsáide agus teicneolaíochta le héifeachtacht eagraíochtúil agus seachadadh seirbhíse a uasmhéadú

<u>Straitéisí</u>	<u>Aschuir</u>
1. Feabhas a chur ar chumas agus ar sholáthar cianríomhaireachta d'fhoireann ÚCIM	1.1. Cur i bhfeidhm Nasc Líonraí Príobháideacha Fíorúla do bhainistiú sonraí ÚCIM.
2. Feabhas a chur ar chumarsáidí atá bunaithe ar TE	2.1. Uasghrádú shuíomh gréasáin ÚCIM le nascleanúint agus feidhmeanna cuardaigh níos gaiste a bhaint amach. 2.2. Seirbhísí scaipthe faisnéise SMS a sholáthar trí mheán shuíomh gréasáin ÚCIM.
3. Feabhas a chur ar chumas bainistithe sonraí shábháilteachta bia ÚCIM	3.1. ICóras éifeachtach bhainistiú agus thuairisciú gabhála sonraí a chur i bhfeidhm atá éifeachtach do sonraí sábháilteachta bia. 3.2. Forbairt chóras le cros-seiceálacha riaracháin a chur i bhfeidhm le sreabhadh sonraí iascach.
4. Feabhas a chur ar fheidhmiúlacht Chóras Comhtháite Faisnéise Iascach	4.1. Obair le foireann TEC RTBM le tuairisciú feabhsaithe CFIC agus cumais chros-seiceála uathoibríthe a chur i bhfeidhm 4.2. Meastóireacht ó thaobh a n-oiriúnachta don fheidhm de na córais do bhainistiú sonraí
5. Dualgais tuairiscithe sonraí ÚCIM a chomhlíonadh.	5.1. Cur faoi bhráid gach tuairisce éigeantaí iascaigh agus sábháilteachta bia laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha . 5.2. Comhordú ionchur gníomhaireachtaí eile
6. Feabhas a chur ar ról bailithe agus scaipthe sonraí i gcomhthéacs an Chórais Tuairiscithe Leictreonaigh	6.1 I gcomhar le príomhúsáideoirí tá feabhas le cur ar an gcóras bailithe agus scaipthe sonraí, ag cur béim ar leith ar chruinneas, ar thráthúlacht agus ar dheimhniú le hais sonraí eile iascaigh 6.2 Athbhreithniú agus measúnú le déanamh ar an gcóras tar éis feabhsaithe le deimhniú gur baineadh na spriocanna amach agus go bhfuil an leas is fearr is féidir á bhaint as na sonraí

Cuspóir 4:

Feidhmiú mar ghuth údarásach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i bplé agus i socruithe a bhaineann le polasaí agus cur i bhfeidhm éifeachtach an dlí

Straitéisí

1. Comhairle shaineolach a sholáthar faoi chaomhnú iascaigh mhara agus faoi shábháilteacht bhia mhara don Aire, don Oireachtas, do Chomhpháirtithe Rialaithe, do Ghníomhaireachtaí Náisiúnta, Eorpacha agus Idirnáisiúnta.

2. Rannpháirtíocht i, agus tionchar ar, thorthaí grúpaí oibre teicniúla náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta a bhaineann le hábhar do shainchúram ÚCIM, lena n-áirítear malartuithe rialta le comhlachais rialála eile, go náisiúnta agus thar lear.

Aschuir

1.1. Soláthar comhairle saineolaí atá soiléir, cuimsitheach, réasúnaithe
1.2. Soláthar comhairle cuí don Aire faoi chur i bhfeidhm éifeachtach reachtaíochta de réir mar a iarrtar
1.3. Córais éifeachtacha rianaitheachta i bhfeidhm le cinntiú go dtugtar freagra ar gach Ceist Pharlaiminteach (CP) laistigh de chreata ama ábhartha
1.4. Córas éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le rianú a dhéanamh ar sholáthar freagraí d'Ionadaithe Poiblí.

2.1. Freastal ar chruinnithe agus fáil torthaí

2.2. Fáil agus cur ar aghaidh faisnéise

2.3. Aiseolas chuig agus ón gCoiste Comhairleach agus chuig agus ón gCoiste um Shábháilteacht na Sliogéisc Moileascach (CSSM)

2.4. Freastal ar chruinniú GCRI

Cuspóir 5:

Leanúint ar aghaidh le heagraíocht Earnála Poiblí ardfheidhmeach a fhorbairt ina bhfuil daoine éifeachtacha, dírithe, gairmiúla.

Straitéisí	Aschuir
1. Córas Éifeachtach Bainistithe Fheidhmíochta ar fud ÚCIM	1.1. Cuspóirí soiléire aonair agus córas i bhfeidhm d'athbhreithniú feidhmíochta 1.2. Forbairt chlár oiliúna bhliantúil chomhordaithe le soláthar deiseanna riachtanacha oiliúna/oideachasúla a chinntiú don fhoireann le cur ar ár gcumas a gcuid feidhmeanna agus freagrachtaí leithdháilte a chur i gcrích ar bhealach inniúil, gairmiúil.
2. Cuimsiú gníomhach na foirne sa phróiseas pleanála Straitéiseach agus gnó.	2.1. Dul i gcomhairle le gach ball foirne mar chuid den phróiseas pleanála Straitéisí. 2.2. Córas soiléir i bhfeidhm do chuimsiú na foirne i 2.3. monatóireacht agus in athbhreithniú chur i bhfeidhm na Straitéise 2.4. Ionchur foirne á léiriú i bpleananna ábhartha gnó
3. Cinnireacht, tacaíocht, spreagthacht agus forbairt éifeachtacha na foirne a chinntiú	3.1. Cuirtear na háiseanna, an trealamh agus an fhaisnéis riachtanacha ar fáil don fhoireann lena gcuid dualgas a chur i gcrích go sábháilte agus go héifeachtach 3.2. Meicníochtaí soiléire i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar chúis imní aonair nó ar ghrúpa na foirne
4. Cinntiú go ndéantar an cleachtas is fearr a leabú i ngach gné den rialachas corparáideach san eagraíocht	4.1. Forbraítear agus cuirtear i bhfeidhm Gnáthaimh Shoiléire Airgeadais a chomhlíonann beartais na Ranna Airgeadais 4.2. Toradh an iniúchta bhliantúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 4.3. Lámhleabhar Rialachais Chorporáidigh ÚCIM críochnaithe agus curtha i bhfeidhm 4.4. Tuairisciú faoi chomhlíonadh Rialachais Chorporáidigh do RTBM ar bhonn rialta agus go bliantúil sa Tuarascáil Bhliantúil 4.5. Tuairiscí Choiste Iniúchta ÚCIM 4.6. Cinneadh na nIniúchtaí Luach Airgid 4.7. Cur i bhfeidhm Creatlaí éifeachtaí Bainistithe Riosca don ÚCIM ar fud na heagraíochta

Cuid 7: Meastóireacht & Athbhreithniú

Tá ÚCIM tiomanta d'fheabhsú leanúnach gach gné den eagraíocht. Leis sin a bhaint amach tabharfaidh ÚCIM faoi mheastóireacht na Straitéise 2011-2013, rud a bhfuil i gceist leis measúnú córasach iarmhairt, ábharthacht agus éifeachtacht na gcuaspóirí straitéiseacha. Is é cuspóir na meastóireachta ná cuntasacht phoiblí a chinntiú d'úsáid éifeachtach na n-acmhainní agus ardchaighdeáin rialachais a léiriú. Cuirtear meastóireacht i gcrích le feabhas a chur agus/nó athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar chlár, agus is féidir léi bheith ina meicníocht le cuspóirí a leasú/a chur in oiriúint, ag cur san áireamh tosca a bhfuil athrú tar éis teacht orthu. Déanfaidh ÚCIM meastóireacht ar a chuid dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm a chuid cuspóirí ar bhonn bliantúil. Tabharfar tuairisc faoin dul chun cinn a rinneadh sa tuarascáil bhliantúil.